



Mianta & Spriocanna Oilimpeacha

EOCHAIRFHOGHLAIM:

Foghlaimíonn Oilimpigh agus Parailimpigh le spriocanna a shocrú ina spórt. Bíonn spriocanna le baint amach acu chun dul go dtí na Cluichí Oilimpeacha. Is féidir le daltaí foghlaim conas spriocanna a shocrú i dtaca le cad ba mhaith leo a dhéanamh agus a bhaint amach ina saol.

CUSPÓIR NA GNÍOMHAÍOCHTA:

Socraíonn na daltaí sprioc sa spórt/gníomhaíocht choirp agus sa scoil trí úsáid a bhaint as creatlach rotha Creid Ionat Féin.

CAD ATÁ DE DHÍTH:

- An teimpléad thíos
- Peann/peann luaidhe, dathanna

TREORACHA:

1. Lón na teimpléid thíos



Taispeáin & Inis

Uaslódáil íomhánna de na daltaí ag caitheamh a gcuid bláthfhleasc gaisce ar ár nGailearaí Creid Ionat Féin.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Cén Mhian Oilimpeach atá agat?

Dá mba tusa aon duine eile ar domhan ar feadh lá amháin, cé a roghnófá? Dá mbeadh slat draíochta agat, cad a dhéanfá? Cé leis a gcabhrófá?

(Déan tobsmaointeoireacht agus scríobh nó tarraing do chuid freagraí sa spás thíos. Glac do chuid ama leis seo.)

CAD ATÁ DODHÉANTA DE RÉIR COSÚLACHTA?




FÉACH, DÉAN, CUM, CRUTHAIGH, BÍ, CABHAIGH, FIOSRAIGH,

FOGHLAIM, ROINN, GNÍOMHAIGH, SÁRCHUMHACHTAÍ, GRÁ

“Is tábhachtaí samhlaíocht ná eolas.”

– Albert Einstein



- A.** Socraigh spriocanna i níos mó ná gné amháin de do shaol. Scoil, spórt/gníomhaíocht choirp, saol sóisialta/teaghlaigh).
- B.** Scríobh na rudaí atá de dhíth chun do spriocanna a bhaint amach sna spócaí.
- C.** Scríobh na fáthanna taobh thiar de do spriocanna thíos faoin roth.
- D.** Cé a chabhróidh leat do sprioc a bhaint amach?
- E.** Cad iad na constaicí a bheidh romhat agus conas a sháróidh tú iad?

Thomas Barr / Sprioc: An Cliathrás 400m sna Cluichí Oilimpeacha

C. AN FÁTH A RITHEANN THOMAS:

Tá craic mhaith ann nuair a dhéanann tú do chuid oibre crua a thástáil, agus nuair a dhéanann tú sáriarracht phearsanta ar mhaithe le do shástacht phearsanta. Nuair a bhíonn rás maith ag daoine, bíonn an tonn aidréanailín an-spreagúil, agus éiríonn siad an-tugtha dó. Nuair nach dtéann rás mar ba chóir, ba mhaith liom na botúin a rinne mé a chur ina gceart. Ba mhaith liom a bheith i m'ionadaí d'Éirinn agus boinn a bhuachan don tír, agus ba mhaith liom go mbeidh gach duine a dtugann tacaíocht dom bródúil asam.



Cóitseálaithe, Fisió agus teiripeoir suathaireachta, Grúpa traenála, Mo bhainisteoirí / ghníomhairí Cumann Lúthchleasaíochta na hÉireann agus Spórt Éireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Urraitheoirí




Gortú, Tinneas, Drochaimsir, Easpa spreagtha, Brú ón taobh amuigh beart a dhéanamh, Cothromaíocht oibre is saoil, Neirbhís roimh rásaí

Scoil



D. _____



E. _____


C. CÉN FÁTH _____

Tóg do chuid Spriocanna Féin

Spórt



D. _____



E. _____

C. CÉN FÁTH _____
